View in browser

10 Feabhra 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 84







## AN CAIFE LITRÍOCHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Mairfidh an tsraith deich seachtaine agus beidh na seisiúin ar siúl chuile Mháirt @ 7i.n. ar an gcóras *Zoom*. Le tús a chur leis an gCaife Litríochta, cuirfidh Glór na nOileán fáilte roimh Shinéad Ní Ráinne a phléifidh *'Amhráin agus Filí na Trá Báine'* ar an Máirt 15ú Feabhra. Cuirfear fáilte roimh aoichainteoir ar leith chuile sheachtain. Is féidir clárú do na seisiúin anseo.




## RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

Tá Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tá dhá chúrsa ar bun an téarma seo, ceann do ghlantosaitheoirí agus ceann eile do fhoghlaimeoirí. Beidh ranganna do ghlantosaitheoirí feiliúnach do dhaoine nach bhfuil aon taithí acu ar fhoghlaim ná ar labhairt na Gaeilge. Cuirfear ranganna na bhfoghlaimeoirí ar fáil do dhaoine a bhfuil cúrsa nó ranganna déanta acu roimhe seo. Thosaigh na glantosaitheoirí ar an Luan 7ú Feabhra @ 7i.n. agus na foghlaimeoirí ar an gCéadaoin 9ú Feabhra @ 7i.n. Ar an gcóras *Zoom* atá na ranganna don téarma seo. Tá spás nó dhó ar fáil ar an dá chúrsa fós, má tá daoine ag iarraidh páirt a

ghlacadh. Le tuilleadh eolais a fháil nó le clárú do na ranganna is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.

*A new term of Irish Classes for Parents, over Zoom, has recently begun. Two course levels are available: Beginners and Improvers. The Beginners group will take place every Monday @ 7pm and Improvers on Wednesday @ 7 p.m. Some spaces are still available, for those who wish to join. Contact optchoisfharraige@gmail.com or 083 010 6294 for more information or to register.*







## SCOLÁIREACHT SA PHLEANÁIL TEANGA

Tá Scoláireacht sa Phleanáil Teanga a mhairfidh suas le dhá bhliain á tairiscint ag **Údarás na Gaeltachta** d'iarratasóirí Gaeltachta a bhfuil líofacht Ghaeilge acu. In Ard-Oifig Údarás na Gaeltachta, sna Forbacha a bheidh an té a cheapfar lonnaithe. Cuirfear taithí phraiticiúil i réimse oibre na pleanála teanga agus na forbartha pobail ar fáil. Bheadh an scoláireacht seo feiliúnach do dhuine cumasach, díograiseach le cáilíocht tríú leibhéal aige/aici i réimse na pleanála teanga/forbartha pobail le spéis faoi leith i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge agus na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar ag obair ar thograí éagsúla pleanála teanga i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe agus Maigh Eo i gcomhar le Foireann Réigiúnach an Údaráis. Ní mór d'iarrthóirí ardchaighdeán scríobh agus labhairt na Gaeilge a bheith acu chomh maith le scileanna taighde, anailíse, ríomhaireachta, riaracháin agus eagrúcháin. Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an duine a cheapfar. Le cur isteach ar an scoláireacht, ní mór iarratas mar aon le CV as Gaeilge a sheoladh chuig An Rannóg Acmhainní Daonna, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe roimh 5.i.n. ar an Aoine 18ú Feabhra 2022. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag 091 503100 nó foluntais@udaras.ie

## SIÚLÓID BITHÉAGSÚLACHTA AR PHORTACH SHEANADH MHACH

Tá Siúlóid Bhithéagsúlachta ar Phortach Sheanadh Mhach á reáchtáil ar an Domhnach an 13 Feabhra. Is é Cian Ó Ceallaigh as Tír an Fhia a bheidh ag treorú na siúlóide. Is éiceolaí agus luibheolaí é Cian agus tá spéis ar leith aige sa luibheolaíocht agus i sainaithint plandaí. Bíonn sé ag déanamh suirbhéarachta ar fhálta, agus ar speicis faoi chosaint ar nós na hialtóige, broic agus éin goir. Tá an tsiúlóid á reáchtáil ag **Ciotóg** mar chuid de thogra nua ealaíne '**Baint an aeir'**. Is féidir clárú don siúlóid anseo.

## TURAS GO BAILE ÁTHA CLIATH

Ar an 3ú lá d'Fheabhra chuaigh scoláirí as an tríú, ceathrú agus cúigiú bliain ar thuras go Baile Átha Cliath. Thaistil muid ar an mbus agus bhain muid an ardchathair amach tar éis meán lae. Ar dtús thug muid cuairt ar Iarsmalann Náisiúnta na Seandálaíochta. Bhí neart le feiceáil againn anseo, rudaí a bhain leis na Lochlannaigh, le déantúsáin ón Éigipt Ársa agus le coirp phortaigh. Bhí neart éadaí agus seodra a bhíodh á chaitheamh ag daoine sa tseanaois le feiceáil ann freisin. Ansin thug muid cuairt ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus bhreathnaigh muid ar thaispeántas **Jack B. Yeats**. Bhí a lán pictiúir áille le feiceáil ann. Fuair muid greim le n-ithe agus lig muid ár scíth sular dtug muid aghaidh ar Amharclann an Bhord Gáis. Bhreathnaigh muid ar an gceoldráma '**The Lion King'** san amharclann. Bhí sé iontach agus bhain gach duine taitneamh as an lá.

Sorcha Ní Chonaire - Bliain a Trí, Coláiste Cholmcille










## CLUB ÓIGE NA BHFORBACHA

Tá oíche eolais á reáchtáil le **Club Óige na bhForbacha** a bhunú ar an Máirt 15ú Feabhra i Scoil na bhForbacha. 'Siad Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige agus Óige na Gaeltachta atá i mbun na hócáide. Cuirfear tús leis an gcruinniú @ 7i.n agus cuirfear fáilte roimh éinne ar mian leo imeachtaí agus gníomhaíochtaí don óige a chur chun cinn sa gceantar. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó

nó

.

## GRÚPA DRÁMAÍOCHTA CHLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Tagann grúpa drámaíochta faoi scáth **Chlub Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige** le chéile ar an Aoine @ 7:30 i.n. mar chuid de chlár imeachtaí an Chlub Foghlaimeoirí. Bíonn idir fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa sa ngrúpa, daoine atá sa gceantar ariamh nó le fada an lá chomh maith le daoine nua isteach. Máirín Mhic Lochlainn, drámadóir agus múinteoir, a scríobhann na drámaí, drámaí a scríobhann sí go heisiach don chlub, dráma nua chuile shéasúr. Maireann na cleachtaí drámaíochta seachtainiúla seo thart ar uair go leith, agus ar *Zoom* atá siad á reáchtáil faoi láthair. **Aicíd na Zúmála** a léirigh an grúpa roimh Nollaig. D'éirigh leis an gclub an dráma a léiriú mar dhráma raidió agus ar *Zoom*. Rinneadh taifeadadh air freisin le go bhféadfaí é a roinnt ar Facebook. Is féidir teacht ar an dráma anseo, is fiú go mór breathnú air! Má tá spéis agat páirt a ghlacadh sa ngrúpa, is féidir teagmháil a dhéanamh le spiddalgaeilge@gmail.com nó glaoch ar 085 875 5073

## CÚRSA AIREACHAIS LE KATIE MCGREAL

Tá cúrsa aireachais do dhaoine fásta, á reáchtáil ag **Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga** i gcomhpháirt le **Katie McGreal**. Faoi láthair, tá cúrsa trí seachtaine de sheisiúin threoraithe, á thairiscint ag Katie, a dhíríonn ar dheachleachtais i gcúrsaí aireachais agus folláine. Bíonn na seisiúin ar siúl in Inis Fáil, i sráidbhaile an Spidéil. Má tá suim agat ann, is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag optchoisfharraige@gmail.com nó ar 083 010 6294






## SIAMSÁN NA NÓG

Tá **Siamsán na nÓg** á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta ar an Satharn 19 Feabhra @ 12 meán lae. Tabharfar cuairt ar Ionad na Feamainne agus Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin ar an lá. Do ghasúir bunscoile is mó a bheadh an lá seo feiliúnach. Níl aon chostas i gceist ach caithfear clárú roimh ré le aisling@tuismitheoiri.ie

## RANGANNA GAEILGE LE CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Tá raon leathan ranganna Gaeilge á reáchtáil ag Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige. Cuireann an club cúrsaí Gaeilge 10 seachtaine le haghaidh gach leibhéal TEG ar fáil. Bíonn na ranganna ar siúl tráthnóna Dé Luain, Dé Máirt agus Dé Céadaoin, ag braith ar éileamh agus an leibhéal atá i gceist. Beidh ranganna théarma an Earraigh 2022 á dteagaisc ar líne. Má tá tuilleadh eolais uait, nó má tá tú ag iarraidh clárú leis an gclub is féidir teagmháil a dhéanamh le nó is féidir glaoch a chur ar

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta